BIM
Ireland's Seafood Development Agency

# Gnó an Bhia Mara 2024

## Léargas ar Earnáil Bia Mara na hÉireann


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

# An bhliain
ina figiúirí




OTI iomlán thionscal Bia Mara na hÉireann

**€1.24 billiún**

**Fás OTI +4%**


Luach na nGabhálacha




**€325M**
Cabhlach Éireannach

**€136M**
Cabhlach Neamh-Éireannach


Luach Iomlán



Iascaireacht
**€461M**



Dobharshaothrú
**€211M**



Próiseáil Éisc
**€947M**

## Fostaíocht Iomlán

**Iascaireacht**
**2,681**

**Dobharshaothrú**
**1,908**

**Próiseáil Éisc**
**3,407**

**Fostaíocht Dhíreach Iomlán**
**7,996**

## Na Príomh-Mhargaí Onnmhairiúcháin

**AE**
**€385M**
+6% ↗

**AN RÍOCHT AONTAITHE**
**€125M**
+21% ↗

**AN ÁISE**
**€78M**
+15% ↗

**Fostaíocht Dhíreach agus Indíreach Iomlán**
**16,874**

## Díolacháin Intíre

**Luach iomlán an bhia mara a díoladh**
**€528M**
+3% ↗


**Luach iomlán seirbhísí bia**
**€195M**
+2% ↗

**Luach iomlán miondíola**
**€333M**
+3% ↗

# Fostaíocht Bia Mara
## de réir Réigiúin

### Iomlán Náisiúnta

| Fostaíocht Dhíreach Bia Mara | Fostaíocht Dhíreach agus Indíreach | Sciar den Fhostaíocht Cósta |
|---|---|---|
| 7,996 | 16,874 | 6% |



### Tuaisceart

Fostaíocht Dhíreach Bia Mara
**1,688**

Fostaíocht Dhíreach agus Indíreach
**4,270**

Sciar den Fhostaíocht Cósta
**13%**

### Iarthuaisceart

Fostaíocht Dhíreach Bia Mara
**531**

Fostaíocht Dhíreach agus Indíreach
**1,320**

Sciar den Fhostaíocht Cósta
**4%**

### Iarthar

Fostaíocht Dhíreach Bia Mara
**802**

Fostaíocht Dhíreach agus Indíreach
**1,941**

Sciar den Fhostaíocht Cósta
**6%**

### Oirthuaisceart

Fostaíocht Dhíreach Bia Mara
**1,584**

Fostaíocht Dhíreach agus Indíreach
**3,608**

Sciar den Fhostaíocht Cósta
**9%**

### Oirdheisceart

Fostaíocht Dhíreach Bia Mara
**953**

Fostaíocht Dhíreach agus Indíreach
**1,579**

Sciar den Fhostaíocht Cósta
**4%**

### Iardheisceart

Fostaíocht Dhíreach Bia Mara
**732**

Fostaíocht Dhíreach agus Indíreach
**946**

Sciar den Fhostaíocht Cósta
**2%**

### Deisceart

Fostaíocht Dhíreach Bia Mara
**1,705**

Fostaíocht Dhíreach agus Indíreach
**3,210**

Sciar den Fhostaíocht Cósta
**7%**

# Clár Ábhar

Gnó an Bhia Mara 2024

6 Brollach

8 Achoimre Fheidhmeach

10 Iascach

18 Dobharshaothrú

22 Próiseáil

26 Trádáil: Allmhairí agus Onnmhairí

34 Miondíol agus Seirbhísí Bia

36 Teicneolaíocht uisce

42 Cuótaí

47 Gluais agus foinsí sonraí

# Brollach





**Timmy Dooley TD**
An tAire Stáit ar a bhfuil Freagracht as Iascach agus as an Muir

**Tá áthas orm fáilte a chur roimh fhoilsiú na tuarascála Gnó an Bhia Mara 2024. Tairgtear sa tuarascáil seo measúnú cuimsitheach ar an earnáil bia mara, agus is údar misnigh dom iad na treochtaí i gcuid mhór de na hearnálacha atá curtha i láthair inti.**

Beag beann ar na fíordhúshláin atá roimh an earnáil, lena n-áirítear brúnna cuótaí, boilsciú agus brúnna bitheolaíocha, tá athléimneacht agus diongbháilteacht oibritheoirí tionscail ar fud na n-earnálacha iascaireachta, dobharshaothraithe agus próiseála le feiceáil go soiléir sna torthaí seo.

Agus olltáirgeacht intíre (OTI) ón earnáil bia mara ag méadú faoi 4% go €1.24 billiún, agus breis agus 16,000 post díreach agus indíreach á gcothú ag an earnáil, dearbhaítear sa tuarascáil seo an rannchuidiú ríthábhachtach a dhéanann bia mara maidir le pobail chósta na hÉireann agus leis an ngeilleagar náisiúnta. Cé go bhfuil dúshláin le sárú go fóill, creidim go láidir go bhfuil deiseanna suntasacha le tapú againn, go háirithe trí nuálaíocht, infheistíocht agus comhpháirtíocht leantach.

Údar misnigh ar leith dom is ea an fás ar tháirgeadh dobharshaothraithe, agus méadú 25% ag teacht ar luach mar thoradh ar théarnamh láidir i dtáirgeadh bradán. Táim ag tnúth le cur chun feidhme leantach an Phlean Straitéisigh Náisiúnta um Fhorbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe 2030, ina leagtar amach conair shoiléir i dtreo an earnáil seo a neartú ar bhealach

"

Beag beann ar na fíordhúshláin atá roimh an earnáil, lena n-áirítear brúnna cuótaí, boilsciú agus brúnna bitheolaíocha, tá athléimneacht agus diongbháilteacht oibritheoirí tionscail ar fud na n-earnálacha iascaireachta, dobharshaothraithe agus próiseála le feiceáil go soiléir sna torthaí seo.

"



atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá inmharthana ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha de.

Ní bheifí in ann an dul chun cinn sin a dhéanamh gan infheistíocht straitéiseach dhea-spriocdhírithe. Tríd an gClár Forbartha Bia Mara 2021–2027, tá an Rialtas ag tabhairt tacaíocht bhunriachtanach chun iomaíochas, inbhuanaitheacht agus fostaíocht a neartú ar fud na hearnála. Trí Aire Stáit tiomnaithe ar a bhfuil Freagracht as Iascach agus as an Muir a cheapadh, treisítear an tiomantas atá ag an Rialtas seo dá chinntiú go bhfuil na hinfheistíochtaí sin, a bhfuil cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas Eorpach araon mar bhuntaca leo, ag cur ar chumas an tionscail nuachóiriú, oiriúnú agus a bheith athléimneach agus réamhbhreathnaitheach i gcónaí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a chuir BIM isteach chun an tuarascáil thábhachtach seo a chur le chéile agus chun tacú leis an earnáil bia mara trína chuid clár agus tionscnamh ar fud na tíre.

**Timmy Dooley TD**
An tAire Stáit ar a bhfuil Freagracht as Iascach agus as an Muir

# Achoimre Fheidhmeach



## Geilleagar Bia Mara na hÉireann sa bhliain 2024:

## Athléimneacht a chothú i ngeilleagar bia mara na hÉireann

Fianaise ar an muinín leantach as an earnáil ba ea an infheistíocht €422.6 milliún a rinneadh inti sa bhliain 2024. Mhéadaigh infheistíocht phríobháideach go €190 milliún (+12%). B'ionann an infheistíocht ón Rialtas agus €23.2 milliún, cothrom le laghdú beag (-12%) ar an bhfigiúr don bhliain 2023.

Léirigh earnáil bia mara na hÉireann athléimneacht sa bhliain 2024 trí bhliain dhúshlánach a shárú, ar bhliain í inar tháinig brúnna seachtracha agus athrú struchtúrtha fadtéarmach chun cinn. Taobh thiar den mhéadú 4% a tháinig ar OTI ó bhí an bhliain 2023 ann agus a thug luach na hearnála go €1.24 billiún a bhí oiriúnú an tionscail i bhfianaise cuótaí srianta, athruithe ar dhinimic an mhargaidh, agus brúnna méadaitheacha spáis ar muir.

Is i gcroílár earnáil iascaireachta na hÉireann atá spleáchas mór ar dhá phríomhspeiceas, is iad sin: ronnach; agus *Nephrops*. Bhí na speicis sin freagrach as iomlán comhcheangailte €158 milliún sa bhliain 2024, cothrom le beagán faoi bhun leath na ngabhálacha Éireannacha uile ó thaobh luacha de. Is léiriú é sin ar a leochailí atá an earnáil i leith athruithe cuótaí agus i leith suaitheadh margaidh i gcás na speiceas sin. Cé gur shroich praghsanna ronnaigh na figiúirí ab airde riamh, d'fhág an laghdú 16% ar an gcuóta nár éirigh lena lán soithí gnóthachain inbhuanaithe a bhaint

amach. Idir an dá linn, bhí speicis *Nephrops* ina bhfoinse chobhsaí ioncaim a bhuí leis an éileamh láidir a bhí orthu i margaí Eorpacha, cé go nochtann an tábhacht atá leo freisin an bonn cúng ar a bhfuil cuid mhór den earnáil iascaireachta grinnill ag brath anois.

I gcodarsnacht leis sin, thaifead an dobharshaothrú fás láidir. Tháinig méadú 25% ar luach an dobharshaothraithe, go príomha mar gheall ar théarnamh an táirgthe bradán. Tar éis fómhar lag sa bhliain 2023, tháinig méadú 51% ar aschur bradán, agus aschur tonnáiste foriomlán na hearnála á ardú dá bharr sin. Ceileann sé sin na dúshláin a bhí ann i réimsí eile, áfach: streachail táirgeoirí diúilicíní téide agus oisrí le drochshocrú síolta, le margaí laga onnmhairiúcháin agus le hardrátaí mortlaíochta, agus iad araon thíos le leibhéil laghdaithe táirgthe. Is é bradán an príomhspreagthach brabúsachta do dhobharshaothrú na hÉireann, agus leanann sé le feidhmíocht fhoriomlán na hearnála a mhúnlú bliain i ndiaidh bliana.

Bhí laghdú beag 3% ann san earnáil próiseála sa bhliain 2023, an bhliain is déanaí dá bhfuil faisnéis ar fáil faoin earnáil. Tá athinfheistíocht chaipitil mhór á déanamh san earnáil faoi láthair, áfach, agus níos mó ná €37 milliún ag teacht ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit atá á chistiú ag an Aontas Eorpach. Áirítear leis sin uasghráduithe ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar uathoibriú agus ar nuálaíocht táirgí, arb uasghráduithe iad a chabhraíonn le próiseálaithe ullmhú do shlabhraí soláthair níos doichte agus d'iomaíocht mhéadaithe onnmhairiúcháin. Athmhúnlóidh an rabharta infheistíochta sin cén dóigh agus cén áit a gcuirtear luach leis an slabhra soláthair bia mara.

Léiriú soiléir ar neart an mhargaidh ba ea feidhmíocht trádála. Tháinig méadú 9% ar onnmhairí agus tháinig méadú €50 milliún ar an iarmhéid trádála, rud a rannchuidigh go mór le OTI foriomlán. Tháinig méadú géar ar allmhairí ó thaobh méide de (25%). Ceann de na cúiseanna leis sin ba ea an laghdú ar phraghsanna ar speicis amhail bradán, cloicheán agus tuinnín, rud a léiríonn go bhfuil próiseálaithe agus tomhaltóirí ag éirí níos praghas-íogaire agus ag lorg solúbthachta. Leagann sé sin béim ar an ngá atá le táirgí bia mara na hÉireann a bheith ina dtáirgí préimhe agus ina dtáirgí iomaíocha araon i gcónaí i margadh domhanda.

Fianaise ar an muinín leantach as an earnáil ba ea an infheistíocht €423 mhilliún a rinneadh inti sa bhliain 2024. Mhéadaigh infheistíocht phríobháideach go €190 milliún (+12%), agus infheistíodh €233 mhilliún trí Chlár Forbartha Bia Mara na hÉireann, atá á chomhchistiú ag an Aontas Eorpach agus ag Rialtas na hÉireann.

Ag féachaint chun cinn, is dócha gur bliain eile aistrithe agus coigeartaithe a bheidh sa bhliain 2025. Cé gur tháinig feabhas ar chuótaí speiceas grinnill san iarthuaisceart, agus ardú réigiúnach éigin ag teacht chun cinn, tháinig laghdú ar stoic ghrinnill eile san oirthear agus sa deisceart. Cé gur tháinig méadú ar an gcuóta bolmáin an athuair, tá laghduithe i ndán do roinnt stoc peiligeach tábhachtach, agus is ag dul i méid atá brúnna spáis de dheasca forbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta, limistéir chosanta mhuirí, agus úsáideoirí muirí eile. Cuirtear in iúl go soiléir i dtuarascálacha ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus ó lucht déanta beartas an Aontais Eorpaigh nach bhfuil an brú ar spás mara ina ábhar imní don todhchaí a thuilleadh – is ann don bhrú sin cheana féin.

Tá roinnt dúshlán le sárú ag tionscal bia mara na hÉireann an tráth céanna, lena n-áirítear ganntanais saothair, costais mhéadaitheacha oibriúcháin, agus saincheisteanna leantacha oidhreachta de dheasca Brexit. Tá cúiseanna ann le bheith muiníneach freisin, áfach. Áirítear leo sin an bonn láidir onnmhairiúcháin agus an infheistíocht mhéadaitheach i bpróiseáil, rud a réitíonn an bealach le haghaidh deiseanna nuálaíochta. Táthar ag súil freisin go mbeidh tionchair dhearfacha i ndán don earnáil speiceas grinnill mar thoradh ar an scéim um dhíchoimisiúnú buan deonach.

Is é an ról atá ag BIM treoir agus tacaíocht a thabhairt don earnáil le linn an aistrithe sin. Díreoimid ar chabhrú le gnólachtaí athléimneacht a chothú, cibé acu trí thrialacha roghnaitheacha trealaimh, trí nuálaíocht teicneolaíochta uisce nó trí thacaíocht infheistíochta caipitil. Cé go bhfuil an earnáil faoi bhrú, tá ríthábhacht straitéiseach ag baint léi freisin do phobail chósta agus córas bia na hÉireann. Má fhaigheann sí an tacaíocht chuí, beidh an earnáil in ann leanúint le rannchuidiú le geilleagar gorm na hÉireann ar bhealach dinimiciúil inbhuanaithe.

# Iascach

**+4%**
Luach Iomlán Gabhálacha Éireannacha sa bhliain 2024

**+11%**
Méid Iomlán Gabhálacha Éireannacha sa bhliain 2024




**Leanann earnáil iascaireachta na hÉireann le luach suntasach a sholáthar do phobail chósta agus don gheilleagar náisiúnta.**

Tháinig méadú 11% ar na gabhálacha uile chuig calafoirt Éireannacha sa bhliain 2024, agus beagnach 300,000 tona á mbaint amach. Ba as soithí a raibh bratach eachtrach orthu a tháinig aon trian den mhéid sin, áfach, mar gheall go príomha ar ghabhálacha speiceas peiligeach chuig na Cealla Beaga. Bhí torthaí measctha ann i gcás soithí Éireannacha. Ba iad speicis pheiligeacha amhail ronnach agus faoitín gorm na príomhspeicis arís eile, go háirithe ó thaobh méide de. Bhain praghsanna ronnaigh na figiúirí ab airde riamh amach mar gheall ar sholáthar gann agus ar éileamh láidir domhanda. Chuir laghduithe ar an gcuóta teorainn leis an tairbhe fhoriomlán don chabhlach, áfach.


An tráth céanna, bhí speicis *Nephrops* ina líne tharrthála do chuid mhór soithí, go háirithe in iascach grinnill. Chabhraigh praghsanna láidre, go háirithe i gcás gráid mhóra, le gníomhaíocht laghdaithe i ranna eile a fhritháireamh. I dteannta a chéile, tá speicis *Nephrops* agus ronnach freagrach as beagnach leath na ngabhálacha uile ó thaobh luacha de. Meabhraíonn sé sin dúinn go bhfuil feidhmíocht na hearnála ceangailte go dlúth le leithdháileadh cuótaí agus le hinathraitheacht bhitheolaíoch i gcás dornán stoc tábhachtach.

In áiteanna eile, bhí srian ann ar ghabhálacha éisc ghil mar gheall ar aimsir luathshéasúir agus mar gheall ar rochtain theoranta ar an gcuóta. Ar an iomlán, tháinig laghdú 14% ar luach na hearnála speiceas grinnill. Bhí tábhacht eacnamaíoch ag baint le hanglait, le colmóir agus le scoilteán go fóill, go háirithe ag calafoirt an deiscirt. Cé gur sholáthair iascach cladaigh agus iascach sliogéisc cobhsaíocht i roinnt limistéar, bhí dálaí deacra margaidh ann do phortán agus do ghliomach go fóill, go háirithe i gcás gráid mhóra agus bulc-onnmhairí.

Ag féachaint chun cinn, is údar dóchais iad na cuótaí méadaithe do speicis ghrinnill áirithe san iarthuaisceart, ach leanfaidh an earnáil le teacht ar chostais mhéadaitheacha oibriúcháin, ar dhúshláin soláthar foirne agus ar iomaíocht mhéadaitheach ar son spás ar muir, lena n-áirítear de dheasca fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta. Leanfaidh BIM le tacú le hiascairí athléimneacht a chothú trí nuálaíocht, trí oiliúint agus trí chleachtais roghnaitheacha iascaireachta a chuireann ar chumas gnólachtaí oiriúnú do na dálaí athraitheacha sin.

# Réigiúin Iascaigh

## Luach agus Méid Gabhálacha Éireannacha




An Caisleán Nua
**Luach €10M**
3,400 tona

Na Cealla Beaga
**Luach €87M**
113,800 tona

Ros an Mhíl
**Luach €16M**
1,600 tona

Daingean Uí Chúis
**Luach €8M**
6,500 tona

Baile Chaisleáin Bhéarra
**Luach €26M**
7,300 tona

Ceann Chlochair
**Luach €8M**
1,000 tona

Binn Éadair
**Luach €13M**
2,500 tona

An Dún Mór Thoir
**Luach €14M**
7,100 tona

Cé na Cille Móire
**Luach €15M**
4,100 tona

Bréantrá
**Luach €11M**
1,700 tona

**Gach calafort eile**
Luach
**€118M**
**58,100 tona**

**Luach iomlán sa bhliain 2024**
**€324M**
+4% ↑

**Méid iomlán**
**207,100**
tona

# Réigiúin Iascaigh


## Luach agus Méid Gabhálacha Neamh-Éireannacha

Na Cealla Beaga
**Luach €20M**
62,500 tona

Ros an Mhíl
**Luach €1M**
100 tona

Daingean Uí Chúis
**Luach €9M**
2,300 tona

Baile Chaisleáin Bhéarra
**Luach €89M**
23,500 tona




Binn Éadair
**Luach €2M**
400 tona

An Dún Mór Thoir
**Luach €2M**
300 tona

**Gach calafort eile**
Luach
**€12M**
**2,600 tona**

**Luach iomlán sa bhliain 2024**
**€136M**
-13% ↓

**Méid iomlán**
**91,900**
tona

# Gabhálacha iascaigh
## Na 5 phríomhspeiceas ó thaobh luacha de

**1**

## Ronnach
# €82 mhilliún
**+4%** ↗



**2**

### *Speicis Nephrops*
€76M
**+9%** ↗

**3**


### Portán
€20M
**0%** ↗

**4**

### Faoitín Gorm
€17M
**+21%** ↗

**5**

### Anglait
€17M
**-11%** ↘



# Gabhálacha iascaigh

## Na 10 bpríomhspeiceas pheiligeacha




**1**

## Ronnach

# €82 mhilliún

**+4%**

**2** **Faoitín Gorm**
€17M
**+21%**

**3** **Tuinnín**
€10M
**+100%**

**4** **Torciasc**
€6M
**+50%**

**5** **Salán**
€5M
**+410%**

**6** **Scadán**
€3M
**+50%**

**7** **Bolmán**
€1M
**+22%**

**8** **Sairdín**
€1M
**+4%**

**9** **Colgán**
€0.3M
**+24%**

**10** **Tuinnín Gorm**
€0.1M
**-22%**

# Gabhálacha iascaigh
## Na 10 bpríomhspeiceas grinnill



**1**
**Anglait**
**€17 milliún**
**-11%**

**2** Colmóir
€12M
+9%

**3** Cadóg
€9M
-25%

**4** Scoilteán
€5M
-17%

**5** Sól
€3M
0%

**6** Trosc
€2M
0%

**7** Faoitín
€1M
-50%

**8** Turbard
€1M
-27%

**9** Deoraí
€1M
-13%

**10** Sól Geal
€1M
-34%

# Gabhálacha iascaigh
## Na 10 bpríomhspeiceas sliogéisc



**1**

*Speicis Nephrops*
**€76 mhilliún**
**+9%**

**2** Portán
€20M
**0%**

**3** Gliomach
€13M
**+18%**

**4** Cuachma
€8M
**-11%**

**5** Muirín
€6M
**-54%**

**6** Séacla
€5M
**+25%**

**7** Scianbhreallach
€5M
**-17%**


**8** Gliomach Spíonach
€3M
**+50%**

**9** Oisre
€1M
**+208%**


**10** Luaineachán
€1M
**+10%**

# Amshraith na nGabhálacha Iascaigh, 2015-2024


## Méid na gCatagóirí Gabhála Éisc 2015-2024 (Tonaí)




## Luach na gCatagóirí Gabhála Éisc 2015-2024 (€M)



# Dobharshaothrú



**+25%**
Méadú Iomlán ar Luach sa bhliain 2024

**+6%**
Méadú Iomlán ar Mhéid sa bhliain 2024

**+18%**
Meánfhás ar Phraghsanna

**Tá an dobharshaothrú ina cholún lárnach de gheilleagar bia mara na hÉireann go fóill, agus tá acmhainneacht aige fostaíocht agus ioncam a sholáthar do chuid mhór cuanta agus dá gcúlchríocha. D'éirigh go geal leis an dobharshaothrú sa bhliain 2024, agus é ag fás faoi 25% ó thaobh luacha de agus faoi 6% ó thaobh méide de, go príomha mar gheall ar an téarnamh i dtáirgeadh bradán.**

Ag teacht sna sála ar an aschur íseal sa bhliain 2023, mhéadaigh méideanna bradán faoi níos mó ná 50%. Bhain siad breis agus 14,000 tona amach, an figiúr is airde ó bhí an bhliain 2017 ann. Bhí an méadú sin amháin freagrach as méadú 44% ar luach an táirgthe bradán. Gabhann riosca le ceannas den sórt sin, áfach. Is féidir le luaineachtaí i bhfómhair bradán an dearcadh foriomlán i leith feidhmíocht dobharshaothraithe a shaobhadh, agus iad ag ceilt na ndúshlán bunúsach atá ann san earnáil. Bhí na dúshláin sin le feiceáil go soiléir i gcodanna eile den earnáil sa bhliain 2024.

Tháinig roinnt dúshlán roimh tháirgeoirí diúilicíní téide, go háirithe san iardheisceart. Áiríodh leo sin fáil laghdaithe ar shíolta, praghsanna ísle, agus salachar tiúbphéisteanna a laghdaigh a indíolta a bhí roinnt stoic. Bhí praghsanna ní b'ísle agus méideanna ní ba lú ann i gcás oisre carraige, agus an margadh deacair sa Fhrainc agus roinnt mortlaíochta i measc na gcúiseanna leis sin. I gcodarsnacht leis sin, d'éirigh go geal le diúilicín grinnill le linn na bliana 2024, agus méadú 39% ag teacht ar a luach mar thoradh ar phraghsanna ní b'airde agus ar thorthaí ní b'fhearr. Níltear ag súil leis go leanfaidh an fás sin ar aghaidh, áfach, toisc gur dócha go dtiocfaidh laghdú ar mhéideanna táirgthe sa dá bhliain atá le teacht mar gheall ar na ganntanais síolta diúilicín a bhí ann le linn na mblianta 2023 agus 2024.

Cé gur tháinig laghdú 4% ar fhostaíocht iomlán sa dobharshaothrú, bhí an líon post lánaimseartha seasta go fóill. Chabhraigh bradán le fás a bhrú chun cinn i roinnt réigiún, amhail an Tuaisceart agus an tIarthar. I réigiúin eile, tháinig laghdú ar aschur agus ioncam áitiúil mar thoradh ar an meath ar tháirgeadh diúilicíní nó oisrí.

Ag féachaint chun cinn, beidh ríthábhacht ag baint le rochtain ar speaitín/síol agus le dálaí cobhsaí comhshaoil, go háirithe i gcás táirgeoirí moileasc débhlaoscach. Leanann BIM le hobair i gcomhar leis an earnáil agus le tacaíocht a thabhairt di trí na cláir oibre agus na scéimeanna deontas atá ar bun aige chun cabhrú leis an tionscal aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimhe. Dúshlán agus sprioc fhadtéarmach araon is ea earnáil dobharshaothraithe níos cothromaithe a bhaint amach, áit a ndéanann sliogiasc, feamainn agus speicis nua bradán a chomhlánú.




# Miondealú ar
# Tháirgeadh Dobharshaothraithe

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Bradán | €142M | +44% |
| 2 | Oisre Carraige Éireannach | €49M | -2% |
| 3 | Diúilicín Téide | €7M | -20% |
| 4 | Diúilicín Saothraithe Grinneall Mara | €6M | +39% |
| 5 | Sliogiasc Eile | €2M | -25% |
| 6 | Iasc Eite Eile | €3M | +31% |
| 7 | Feamainn | €0.5M | -24% |


**€211M**
luach iomlán
sa bhliain 2024

**+25%** Fás Luacha

## Meánphraghas ar Phríomhspeicis Dobharshaothraithe, 2015-2024 (€ / KG)



# Aschur Réigiúnach Dobharshaothraithe
## Luach sa bhliain 2024





**Iomlán Náisiúnta**

**€211M**

+25% ↑

# Aschur Réigiúnach Dobharshaothraithe


## Fostaíocht sa bhliain 2024




**Fostaíocht Iomlán**

**1,908**

# Próiseáil



**-3%** ↘
Athrú Iomlán ar Luach sa bhliain 2023

**-1%** ↘
Athrú Iomlán ar Fhostaíocht sa bhliain 2023




**Tá earnáil próiseála bia mara na hÉireann ag athrú, ní amháin ó thaobh méide de, ach ó thaobh struchtúir de freisin. Cé go léirítear sna sonraí is déanaí, don bhliain 2023, gur tháinig laghdú beag ar luach na hearnála (-3%) agus ar fhostaíocht san earnáil (-1%), ní insítear an scéal iomlán sna figiúirí sin. Tá tábhacht ag baint freisin lena bhfuil ag tarlú sa chúlra: tá rabharta infheistíochta ag bunathrú an tionscail, agus caipiteal poiblí suntasach taobh thiar de.**

Soláthraíodh €37 milliún ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit atá á chistiú ag an Aontas Eorpach sa bhliain 2023. Soláthraíodh €1.3 milliún eile trí Chlár Forbartha Bia Mara na hÉireann sa bhliain 2024, rud atá á chomhchistiú ag an Aontas Eorpach agus ag Rialtas na hÉireann. Tá an infheistíocht sin ag cur ar chumas próiseálaithe infheistiú in éifeachtúlacht fuinnimh, in uathoibriú, i bhfuarstóráil agus i bhforbairt táirgí, agus tá sí ag cabhrú leis an earnáil ullmhú do dhúshláin amach anseo agus treisiú lena staid i margaí idirnáisiúnta an tráth céanna.

Tá an phróiseáil ina mórfhostóir ar fud chósta na hÉireann go fóill, agus breis agus 3,200 duine ag obair go lánaimseartha inti sa bhliain 2023. Is iad próiseálaithe ilspeicis a oibríonn le bradán, le hiasc geal agus le speicis eile atá i gceannas anois, agus an chuid is mó de luach agus fostaíocht na hearnála á giniúint acu. Cé gur streachail próiseálaithe stoc peiligeach agus sliogéisc le méideanna laghdaitheacha agus le luaineacht praghsanna, tá siad athléimneach go fóill agus leanann siad le hoiriúnú do na dálaí dúshlánacha gnó sin.

Ar bhonn réigiúnach, tá an t-oirthuaisceart (Baile Átha Cliath san áireamh) ar an réigiún is mó ó thaobh luacha agus fostaíochta de go fóill. Tá fás le feiceáil san iarthar agus sa deisceart freisin, áit a bhfuil nuachóiriú ar siúl.

Mar gheall ar an soláthar amhábhar a bheith ag éirí níos éiginnte, go háirithe i bhfianaise cuótaí laghdaithe do stoic pheiligeacha agus brú ar stoic shliogéisc, tá ríthábhacht ag baint anois le hinfheistíocht in éifeachtúlacht, i nuálaíocht táirgí agus in inbhuanaitheacht. Leanfaidh BIM le tacú leis an aistriú sin, agus cinnteoidh sé go mbeidh próiseálaithe na hÉireann i riocht maith chun freastal ar éilimh mhargaí bia mara an lae amárach.

# Na Príomhearnálacha Próiseála Éisc

## 2023

Ilspeiceas/Iasc Geal
**Luach €648M**

Cuideachtaí **58**
Fostaíocht **2,189**




Speicis Pheiligeacha
**Luach €122M**

Cuideachtaí **10**
Fostaíocht **323**

Sliogiasc
**Luach €103M**

Cuideachtaí **13**
Fostaíocht **529**

Speicis Salmainide
**Luach €74M**

Cuideachtaí **14**
Fostaíocht **236**

**An Earnáil Próiseála**


**€947M**
Luach Iomlán

**95**
Chuideachta

**3,277**
Fostaíocht

# Aschur Réigiúnach Próiseála Éisc

## Luach sa bhliain 2023





**Iomlán Náisiúnta**

**€947M**

# Aschur Réigiúnach Próiseála Éisc

## Fostaíocht agus Cuideachtaí sa bhliain 2023




**Líon Iomlán Cuideachtaí**

**95**

**Fostaíocht Iomlán**

**3,277**

# Trádáil: Allmhairí agus Onnmhairí

**+25%**
Méadú Iomlán ar an Méid Allmhairí

**+8%**
Méadú Iomlán ar an Méid Onnmhairí




**D'fheidhmigh an trádáil go láidir arís eile do gheilleagar bia mara na hÉireann sa bhliain 2024. Mhéadaigh onnmhairí faoi 9% ó thaobh luacha de, agus bradán, ronnach agus speicis Nephrops ar na príomhthosca a bhí taobh thiar de sin. Cé gur tháinig méadú mór 25% ar allmhairí ó thaobh méide de, níor mhéadaigh siad ach faoi 1% ó thaobh luacha de mar gheall ar laghduithe géara i bpraghsanna ar phríomhspeicis amhail bradán, cloicheán, tuinnín, agus bradán reoite.**

Bhí an t-iarmhéid trádála ina tháscaire tábhachtach arís eile sa bhliain 2024. Thaifead Éire gnóthachan €50 milliún i nglanluach onnmhairiúcháin, rud a chuir le OTI foriomlán. Taifeadadh fás onnmhairiúcháin ar fud na bpríomh-mhargaí, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, an Ríocht Aontaithe, agus an Áise. Cothaíodh an fás sin mar gheall ar dhíolacháin láidre bhradáin agus le héileamh seasta ar speicis Nephrops agus ar phortán. I gcodarsnacht leis sin, lean na praghsanna ní b'ísle ar shliogiasc, lenar áiríodh speicis Nephrops, portán, oisre agus diúilicín, go háirithe i gcás bulc-speiceas agus gráid ísle, le teorainn a chur le torthaí i dtrádáil sliogéisc. Tá an méadú ar mhéideanna allmhairiúcháin ina léiriú ar a íogaire atá tomhaltóirí agus próiseálaithe i leith praghsanna, go háirithe sna bealaí miondíola agus seirbhísí bia. Tá bearnaí i soláthar speiceas agus i struchtúir chostais á líonadh ag allmhairí níos inacmhainne. Ach leagann sé sin béim freisin ar a thábhachtaí atá onnmhairí Éireannacha breisluacha ar féidir leo seasamh amach i margaí préimhe agus nideoige.

Ag féachaint chun cinn, is é an dúshlán a bheidh ann ná an dea-cháil atá ar Éirinn mar tháirgeoir ardchaighdeáin a chothabháil agus a bheith solúbtha i margadh domhanda i gcónaí. Beidh ríthábhacht ag baint le forbairt trádála, le brandáil agus le formáidí táirge nua. Leanfaidh BIM le tacaíocht a thabhairt do tháirgeoirí agus do phróiseálaithe leas a bhaint as na deiseanna idirnáisiúnta sin.

Tá comhghaol láidir soiléir ag teacht chun cinn le himeacht ama idir praghas agus méid na bpríomhspeiceas a allmhairítear.

# An 20 Príomhspeiceas Allmhairithe
## de réir Luacha

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Bradán | €106M | -5% |
| 2 | Séacla agus Cloicheán | €50M | -6% |
| 3 | Tuinnín | €34M | +25% |
| 4 | Trosc | €31M | -4% |
| 5 | Iasc Geal faoi Ghrabhróga | €21M | 0% |
| 6 | Feamainn agus algaí eile | €17M | +42% |
| 7 | Ronnach | €10M | +13% |
| 8 | Iasc sáile | €10M | +3% |
| 9 | Doingean Mara | €8M | +5% |
| 10 | Min Éisc | €8M | -11% |
| 11 | Colmóir | €8M | +34% |
| 12 | Scadán | €8M | +66% |
| 13 | Cloicheán Chuan Bhaile Átha Cliath | €8M | -4% |
| 14 | Anglait | €6M | -3% |
| 15 | Cadóg | €5M | -5% |
| 16 | Iasc Geal | €5M | +26% |
| 17 | Mangach | €5M | -2% |
| 18 | Sairdín | €4M | +15% |
| 19 | Portán | €3M | +61% |
| 20 | Oisre | €3M | +4% |
| | Eile | €37M | -13% |

**€388M**
luach iomlán
sa bhliain 2024

**+1%** Fás Luacha

# Na Príomh-Chomhpháirtithe Allmhairiúcháin

## Na 10 bpríomhthír allmhairiúcháin

### 1

### An Ríocht Aontaithe

€80M ↘

**-10%**



| Bradán | Anglait | Min Éisc |
|---|---|---|
| 31% | 7% | 7% |

### 2

### An Ísiltír

€69M ↗

**+10%**



Bradán
25%

Séacla agus Cloicheán
17%

Trosc
10%

### 3

### An tSualainn

€25M ↘

**-19%**



Bradán
94%

Saill agus Ola Éisc
3%

Iasc sáile
2%

### 4

### An Íoslainn

€23M ↗

**+49%**

Feamainn agus algaí eile
64%

Trosc
17%

Bradán
7%



### 5

### An Fhrainc

€21M

**0%**



Bradán
21%

Séacla agus Cloicheán
16%


Iasc sáile
14%

### 6

### An Iorua

€20M ↘

**-1%**



Bradán
95%

Portán
4%

Trosc
1%

### 7

### An Spáinn

€18M ↗

**+28%**



Tuinnín
23%

Séacla agus Cloicheán
12%

*Speicis Nephrops*
11%




## 8

### An Danmhairg

€17M ↘

**-12%**

Séacla agus Cloicheán
22%

Trosc
16%

Iasc Geal faoi Ghrabhróga
16%

## 9

### An Ghearmáin

€16M ↘

**-43%**

Iasc Geal faoi Ghrabhróga
54%

Bradán
12%

Trosc
11%

## 10

### An tSín

€12M ↘

**-9%**

Trosc
56%

Mangach
13%

Séacla agus Cloicheán
8%



4
F2

# An 20 Príomhspeiceas Onnmhairithe
## de réir Luacha

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Bradán | €132M | +23% |
| 2 | Ronnach | €94M | -3% |
| 3 | *Speicis Nephrops* | €74M | +9% |
| 4 | Portán | €46M | +8% |
| 5 | Feamainn agus algaí | €40M | +10% |
| 6 | Oisre | €37M | -14% |
| 7 | Min Éisc | €35M | +23% |
| 8 | Gliomach | €29M | +23% |
| 9 | Séacla agus Cloicheán | €21M | +7% |
| 10 | Faoitín Gorm | €19M | +39% |
| 11 | Diúilicín | €17M | -5% |
| 12 | Cuachma | €16M | -3% |
| 13 | Anglait | €14M | +8% |
| 14 | Saill agus Ola Éisc | €11M | +23% |
| 15 | Tuinnín | €10M | +38% |
| 16 | Bolmán | €8M | +14% |
| 17 | Breallach agus Ruacan | €8M | -26% |
| 18 | Scoilteán | €7M | -14% |
| 19 | Muirín | €7M | -2% |
| 20 | Trosc | €6M | +12% |
| | Eile | €46M | +9% |

**€677**
luach iomlán
sa bhliain 2024
**+9%** Fás Luacha

# Na Príomh-Chomhpháirtithe Onnmhairiúcháin

## Na 10 bpríomhthír onnmhairiúcháin

**1**

### An Fhrainc

**€141M ↗**

**+2%**



| Bradán | Oisre | Portán |
|---|---|---|
| 34% | 15% | 12% |

**2**

### An Ríocht Aontaithe

€125M ↗

**+22%**



Min Éisc
23%

Bradán
18%

Saill agus Ola Éisc
9%

**3**

### An Iodáil



€64M

**0%**

Cloicheán Chuan Bhaile Átha Cliath
77%

Séacla agus Cloicheán
6%

Ronnach
5%

**4**

### An Spáinn

€59M ↗

**+6%**



Portán
16%

Anglait
14%

Gliomach
11%

**5**

### An Pholainn



€39M ↗

**+65%**

Bradán
84%

Ronnach
11%

Feamainn agus algaí
3%

**6**

### An tSín



€28M ↗

**+52%**

Portán
27%

Cloicheán Chuan Bhaile Átha Cliath
25%

Ronnach
9%

**7**

### An Nigéir



€28M ↘

**-32%**

Ronnach
49%

Faoitín Gorm
47%

Scadán
3%




8

## An Ísiltír

€22M ↗

**+69%**



Diúilicín
26%

Bradán
23%

Min Éisc
15%

9

## An tSeapáin

€18M ↗

**+12%**



Ronnach
73%

Bolmán
14%

Feamainn agus algaí
5%

10

## An Ghearmáin

€17M ↘

**-17%**



Bradán
53%

Ronnach
22%

Feamainn agus algaí
9%

# Miondíol agus Seirbhísí Bia

**€528M**

Luach na ndíolachán bia mara sa bhliain 2024

**€333M**

Luach iomlán an bhia mara a díoladh san earnáil miondíola

**€195M**

Luach an bhia mara a díoladh san earnáil seirbhísí bia



**Shroich díolacháin mhiondíola bia mara in Éirinn €333 milliún sa bhliain 2024, cothrom le méadú 3% ar an bhfigiúr don bhliain roimhe sin. Taobh thiar den fhás sin a bhí gnóthachain bheaga ó thaobh praghsanna de agus ó thaobh méideanna de araon. Ag teacht sna sála ar an meath a bhí orthu le roinnt blianta anuas, taifeadadh méadú beag 1% ar mhéideanna ceannaigh. Cheannaigh 93% de theaghlaigh in Éirinn bia mara úr agus reoite le linn na bliana. Cé gur leibhéal láidir ceannaigh é sin, is ísle é ná an buaicphointe 96% a baineadh amach sa bhliain 2017, rud a léiríonn athrú ar nósanna ceannaigh.**

Is féidir an fás ar luach miondíola a chur síos do dhornán speiceas. Bhí bradán ar an táirge ba mhó díol, agus é ag giniúint díolacháin ab fhiú €134 mhilliún agus freagrach as 40% den mhargadh miondíola iomlán. Taifeadadh fás suntasach ar chloicheán, ar thuinnín agus ar chadóg freisin, rud a léiríonn an t-éileamh leantach ar tháirgí bia mara inrochtana ilúsáide. I gcodarsnacht leis sin, bhí meath suntasach ann ar fhaoitín, ar cholmóir agus ar mheascán, rud a thugann le fios gur tháinig laghdú ar an spéis atá ag tomhaltóirí i speicis nach bhfuil chomh coitianta nó chomh forleathan céanna.

Lean táirgí reoite agus réamhphacáilte le feidhmiú go maith, go háirithe i gcás speicis amhail cloicheán uisce bhogthe, cadóg agus tuinnín. Tháinig meath ar bhia mara úr scaoilte, ar aon dul leis na mórthreochtaí a bhí ann i dtaca le háisiúlacht, le srianadh sciar agus le táirgí a bhfuil seilfré fhada acu. Tugann na hathruithe sin le fios go bhfuil tomhaltóirí ag éirí níos éisealaí agus gur fearr leo anois táirgí atá éasca le hullmhú agus atá comhsheasmhach ó thaobh cáilíochta de.

Mhéadaigh díolacháin bhia mara ar luas ní ba mhoille san earnáil seirbhísí bia, agus b'ísle iad ná díolacháin próitéiní eile amhail éanlaith chlóis agus mairteoil. Shroich luach an mhórmhargaidh seirbhísí bia i bPoblacht na hÉireann €7.34 billiún sa bhliain 2024, áfach, agus é ag leanúint lena théarnamh ón suaitheadh a tháinig as an bpaindéim. Fágann sé sin go bhfuil deis fáis ann do bhia mara na hÉireann, go háirithe i gcás gur mór ag príomhchócairí agus ag tomhaltóirí araon cáilíocht, bunús agus inbhuanaitheacht.

Leanann BIM le tacaíocht a thabhairt don earnáil trí thaighde tomhaltais, trí nuálaíocht táirgí agus trí thacú leis na feachtais spriocdhírithe chur chun cinn atá ar bun ag Bord Bia chun éileamh a mhéadú agus chun infheictheacht a fheabhsú ar fud bealaí miondíola agus bealaí fáilteachais araon.

# Na Príomhspeicis Mhiondíola
## de réir Luacha sa bhliain 2024

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Bradán | €134M | +4% |
| 2 | Trosc | €43M | +4% |
| 3 | Cloicheán | €31M | +8% |
| 4 | Tuinnín | €30M | +6% |
| 5 | Mangach Alascach | €21M | +4% |
| 6 | Cadóg | €20M | |
| 7 | Colmóir | €10M | -10% |
| 8 | Ronnach | €8M | +4% |
| 9 | Meascán | €5M | -18% |
| 10 | Glasán | €4M | -1% |
| 11 | Breac | €3M | +16% |
| 12 | Faoitín | €3M | -43% |
| 13 | Pangasius | €1M | +16% |
| 14 | Diúilicín | €1M | +11% |
| 15 | Speicis Eile | €20M | -1% |

**€333M**
luach iomlán
sa bhliain 2024

**+3%** Fás Luacha

# Teicneolaíocht uisce

**+6%** ↗
Athrú Iomlán ar Fhostaíocht sa bhliain 2023

**-1%** ↘
Athrú Iomlán ar Luach sa bhliain 2023



**Leanann an earnáil teicneolaíochta uisce in Éirinn le forbairt ina cuid ríthábhachtach de gheilleagar na hÉireann. Cuimsíonn sí raon leathan cuideachtaí a sholáthraíonn táirgí agus seirbhísí amhail innealtóireacht mhuirí, géineolaíocht, bitheolaíocht, breiseáin bheatha, teicneolaíochtaí sonraí, agus réitigh shláinte. Tá baint dhíreach ag roinnt mhaith de na nuálaíochtaí sin leis an earnáil dobharshaothraithe dhomhanda, go háirithe i ndáil le táirgeadh bradán agus séaclaí. Is ann do nuálaíochtaí eile freisin lena bhfreastalaítear ar na riachtanais atá ag oibritheoirí sliogéisc agus feamainne in Éirinn.**

Sa bhliain 2023, chuimsigh an earnáil 76 chuideachta a raibh luach foriomlán measta €165 mhilliún orthu (-1%) agus a raibh 905 fhostaí lánaimseartha acu (+6%). Is léiriú é sin ar infheistíocht leantach in inniúlacht theicniúil agus eolaíoch agus ar an gcumas atá ag an earnáil oibrithe oilte a mhealladh agus a choinneáil ar fud réigiúin chósta agus uirbeacha.


Is ar fheamainn a dhírítear go príomha go fóill, agus is féidir níos mó ná aon trian de na cuideachtaí gníomhacha uile, níos mó ná dhá thrian den luach earnála agus thart ar leath na fostaíochta ar fad a chur síos di. I measc na réimsí eile fáis tá eolaíocht bhitheach, uirlisí digiteacha faireacháin, seirbhísí comhshaoil, agus saintrealamh. Bhí méadú suntasach ann ar ghníomhaíocht i measc cuideachtaí a bhfuil cúlra acu i réimse na talmhaíochta agus an iascaigh freisin, agus iad ag cur a gcuid saineolais i bhfeidhm i leith an dobharshaothraithe.

De réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar tháirgeadh inbhuanaithe éifeachtúil dobharshaothraithe ar fud an domhain, beidh earnáil teicneolaíochta uisce na hÉireann i riocht maith chun rannchuidiú a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Leanann BIM le hobair i gcomhar leis an tionscal, le taighdeoirí agus le braislí réigiúnacha chun nuálaíocht a chothú, chun tacú le hinfheistíocht agus chun a chinntiú go bhfuil réitigh theicneolaíochta uisce ag teacht leis na riachtanais phraiticiúla atá ag táirgeoirí agus ag próiseálaithe.


Crewsaver
M2 PRO MAX

# Aschur Réigiúnach Teicneolaíochta Uisce

## Luach sa bhliain 2023




**Iomlán**

**€165M**

# Aschur Réigiúnach Teicneolaíochta Uisce

## Fostaíocht agus Cuideachtaí sa bhliain 2023

Tuaisceart
Fostaíocht
**271**
**11 Chuideachta**

Iarthuaisceart
Fostaíocht
**95**
**7 gCuideachta**


Oirthuaisceart
Fostaíocht
**96**
**26 Chuideachta**

Iarthar
Fostaíocht
**116**
**17 gCuideachta**

Oirdheisceart
Fostaíocht
**17**
**3 Chuideachta**

Iardheisceart
Fostaíocht
**73**
**3 Chuideachta**

Deisceart
Fostaíocht
**236**
**9 gCuideachta**



**Líon Iomlán Cuideachtaí**


**76**

**Fostaíocht Iomlán**

**905**


# Amshraith na bPríomhearnálacha Teicneolaíochta Uisce
## 2016 - 2023

### Líon Cuideachtaí




# Amshraith na bPríomhearnálacha Teicneolaíochta Uisce
## 2016 - 2023

### Luach na Teicneolaíochta Uisce €M




### Fostaíocht



# Cuótaí





**182,000**
**Tona**
Cuóta iomlán atá ar fáil don chabhlach Éireannach

Luach measta an chuóta don bhliain 2025
**€247M**

**Cé gur tháinig méadú 3% ar leithdháiltí cuótaí ó thaobh méide de don bhliain 2025, thit siad faoi 2% ó thaobh luacha de mar gheall ar athruithe ar dhálaí stoic agus ar phraghsanna margaidh.**

Bhí laghduithe géara ann ar ronnach agus ar fhaoitín gorm san earnáil pheiligeach. Fritháiríodh na laghduithe sin mar thoradh ar mhéadú mór ar an gcuóta bolmán, rud a chobhsaigh an figiúr peiligeach foriomlán. Sa roinn grinnill, bhí méaduithe móra ann ar anglait, ar chadóg agus ar fhaoitín i Limistéar VI (amach ó Dhún na nGall), agus is comhartha dearfach é sin don iarthuaisceart.

Beidh tionchar ag na hathruithe sin ar cén dóigh agus cén áit a ndíreofar iarrachtaí sa bhliain 2025. Tiocfaidh deis athnuaite chun cinn do roinnt calafort, ach beidh ar chinn eile oiriúnú do theorainneacha níos doichte. Is iad rochtain ar chuótaí agus ar spás ar muir a bheidh sa dá phríomhfhoinse brú ar an gcabhlach san fhadtéarma, agus leanann BIM le hobair i gcomhar le geallsealbhóirí, le heolaithe agus leis an lucht déanta beartas ina leith chun a chinntiú go mbeidh todhchaí inmharthana ag iascairí Éireannacha.

# Limistéar VI
## Stoic ghrinnill

| | | | |
|---|---|---|---|
| Trosc | VIa | 131 | -29% |
| Trosc | VIb | 11 | -8% |
| Sól coiteann | VI | 46 | 0% |
| Cadóg | Vb, VIa | 1,304 | -2% |
| Cadóg | VIb, XII, XIV | 622 | +144% |
| Scoilteán | VI | 614 | -5% |
| Anglait | VI | 890 | +166% |
| *Speicis Nephrops* | VI | 184 | +4% |
| Leathóg | VI | 224 | 0% |
| Mangach | VI | 11 | -15% |
| Liúdar | VI | 366 | 0% |
| Faoitín | VI | 1,435 | +53% |

**4,520**
Tona sa bhliain 2024
**5,838**
dTona sa bhliain 2025
**+29%** athrú

# Limistéar VI agus VII
## Stoic ghrinnill

| | | | |
|---|---|---|---|
| Colmóir | VI, VII | 1,730 | -20% |
| Sciata agus Roc | VI, VIIa-c, agus e-k | 1,145 | -4% |
| Roc mionsúileach | VIIfg | 8 | +14% |
| Roc dústríoctha | VIIe | 381 | -6% |
| Torsca | V, VI, VII | 381 | 0% |
| Langa Gorm | II, IV, uiscí idirnáisiúnta | 2 | 0% |
| Langa Gorm | Vb, VI, VII | 30 | +3% |
| Langa | VI, VII, VIII, IX, X, XII, XIV | 752 | -1% |
| Haileabó Graonlannach | IIa, IV, VI | 20 | -31% |
| Fíogach gobach/ freangach | I, II, IIII, IV, V, IV, VII, VIII, XII, XIV | 2,325 | +23% |
| Trosc | I, II | 290 | +3% |

**7,139**
dTona sa bhliain 2024
**7,064**
Thona sa bhliain 2025
**-1%** athrú

# Limistéar VII
## Stoic ghrinnill

| | | | |
|---|---|---|---|
| Trosc | VII b-k | 335 | 0% |
| Trosc | VIIa | 82 | 0% |
| Scoilteán | VII | 3,038 | -10% |
| Anglait | VII | 3,367 | -2% |
| Cadóg | VII b-k | 1,182 | -22% |
| Cadóg | VIIa | 692 | -18% |
| Faoitín | VIIa | 258 | -2% |
| Faoitín | VIIb-k | 8,759 | +37% |
| *Speicis Nephrops* | VII | 5,313 | -13% |
| Leathóg* | VII bc | 13 | 0% |
| Leathóg | VII fg | 40 | -72% |
| Leathóg | VII hjk | 53 | -2% |
| Leathóg | VIIa | 396 | -31% |
| Mangach | VII | 48 | -17% |
| Liúdar | VII | 690 | -20% |
| Sól coiteann* | VII bc | 14 | 0% |
| Sól coiteann | VII fg | 33 | -11% |
| Sól coiteann | VII hjk | 77 | 0% |
| Sól coiteann | VIIa | 94 | -1% |

**24,253**
Thona sa bhliain 2024

**24,484**
Thona sa bhliain 2025

**+1%** athrú

* is leis an mbliain 2024 a bhaineann na cuótaí atá luaite anseo, toisc nár áiríodh na stoic sin leis an gcomhairle don bhliain 2025

## Stoic dhomhainmhara

| | | | |
|---|---|---|---|
| Alfainsín | I, II, III, IV, V, VI, VII, VIII, IX, X, XII, XIV | 5 | 0% |
| Scabaird Dhubh | V, VI, VII, XII | 39 | 0% |
| Garbhánach | VI, VII, VIII | 3 | 0% |
| Gránadóir Cruinnsocach | Vb, VI, VII | 86 | -20% |
| Gránadóir Cruinnsocach | VIII, IX, X, XII, XIV | 2 | -33% |

**158**
dTona sa bhliain 2024

**135**
Thona sa bhliain 2025

**-15%** athrú

## Stoic pheiligeacha

| | | | |
|---|---|---|---|
| Airgintín mór | III, IV | 8 | +60% |
| Airgintín mór | V, VI, VII | 635 | +7% |
| Torciasc | VI, VII, VIII | 26,462 | +40% |
| Scadán | I, II | 2,080 | +3% |
| Scadán | VIaN | 403 | +113% |
| Scadán | VIaS, VIIbc | 2,600 | +26% |
| Scadán | VII ghjk | 750 | 0% |
| Scadán | VIIa | 52 | -76% |
| Faoitín gorm | I, II, III, IV, V, VI, VII, VIII a, b, d, e, XII, XIV | 51,263 | -14% |
| Ronnach | VI, VII | 39,914 | -16% |
| Bolmán | IIa, IVa, VI, VIIa-c, VIIe-k, VIII a, b, e | 16,406 | +416% |
| Bolmán | IVb, IVc, agus VIId | 16 | -92% |
| Tuinnín Bán | An tAtlantach Thuaidh | 3,968 | -8% |
| Siorc Gorm | An tAigéan Atlantach, Lastuaidh de 5 chéim | 1 | 0% |

**139,921**
Tona sa bhliain 2024


**144,557**
dTona sa bhliain 2025

**+3%** athrú

# Éabhlóid chuóta na hÉireann, 1982-2025

## Deiseanna iascaireachta do gach stoc de réir muir réigiúnach, 1982-2025

Tugadh cuótaí isteach in iascach na hEorpa den chéad uair sa bhliain 1982. Tháinig luaineacht shuntasach ar chuóta na hÉireann ó shin i leith, ó 162,000 tona sa bhliain 1996 agus 142,000 tona sa bhliain 2010 go 262,000 tona sa bhliain 1997 agus 314,000 tona sa bhliain 2014. Ba iad na príomhchúiseanna leis na huasphointí agus na híosphointí sin ná an inathraitheacht i gcuótaí do stoic pheiligeacha, amhail faoitín gorm, bolmán agus torciasc. Is iontach an rud é go bhfuil cuótaí do stoic ghrinnill ar fud na limistéar mara gan athrú den chuid is mó ó bhí an bhliain 2000 ann, agus iad cothrom le thart ar 35,000 tona ar an meán. I gcás na bliana 2025, tháinig méadú beag ar mhéideanna cuótaí na hÉireann do stoic pheiligeacha agus do stoic ghrinnill Laistiar de Dhún na nGall. Is le torciasc agus ronnach a bhaineann an fás is mó i measc stoic pheiligeacha, agus is iad faoitín agus anglait na príomh-rannchuiditheoirí sa limistéar Laistigh de Dhún na nGall.



# Gluais agus foinsí sonraí

### Iasc Peiligeach

Snámhann iasc peiligeach i meánuiscí nó i ngar don dromchla. Samplaí coitianta d'iasc peiligeach is ea iasc atá saibhir ó thaobh ola de amhail ronnach, scadán, torciasc agus tuinnín.

### Iasc Grinnill

Is ionann iasc grinnill agus iasc a chónaíonn ar ghrinneall na mara nó i ngar dó. Tagann iasc geal cruinn agus leathógach faoin gcatagóir seo, lena n-áirítear trosc, colmóir, cadóg, faoitín agus iasc leathógach amhail sól, turbard, leathóg agus scoilteán.

### Roinn Ilchineálach

Is faoin roinn seo a thagann an chuid is mó den chabhlach. Is soithí ilchuspóireacha iad na soithí seo, agus áirítear leo soithí beaga cladaigh (báid eangach agus báid photaithe), agus soithí meánmhéide agus móra amach ón gcósta lena spriocdhírítear ar iasc geal, ar iasc peiligeach agus ar mhoilisc dhébhlaoscacha.

### Roinn Shonrach

Soithí a bhfuil cead acu moilisc dhébhlaoscacha agus speicis dobharshaothraithe a iascach.

### Cabhlach Peiligeach Sáile Chuisnithe

Soithí a ghabhann go príomha do speicis pheiligeacha a iascach (scadán, ronnach, bolmán agus faoitín gorm, den chuid is mó).

### Cabhlach Tráil Bíoma

Soithí atá tiomnaithe do thrál bíoma, ar modh simplí tráil é a úsáidtear go príomha in uiscí cladaigh na hÉireann ach amháin san oirdheisceart, áit a n-úsáidtear é chun iasc leathógach amhail sól agus leathóg a ghabháil.

### Roinn Dobharshaothraithe

Ní mór na soithí seo a úsáid chun limistéir dhobharshaothraithe a bhainistiú, a fhorbairt agus a sheirbhísiú agus chuige sin amháin, agus féadfar iad a úsáid chun speaitín a bhailiú ó stoic diúilicíní fiáine mar chuid de sheirbhís do bhunaíochtaí dobharshaothraithe.

### Réigiúin de réir Contae:

**Tuaisceart:** Dún na nGall

**Iarthuaisceart:** Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim

**Iarthar:** Gaillimh agus an Clár

**Iardheisceart:** Ciarraí agus Luimneach

**Deisceart:** Corcaigh

**Oirdheisceart:** Cill Mhantáin, Loch Garman agus Port Láirge

**Oirthuaisceart:** Lú, an Mhí agus Baile Átha Cliath

### Foinsí Sonraí

Is é an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA), www.sfpa.ie, a sholáthraíonn sonraí faoi ghabhálacha.

Is é BIM a mheasann luach na ngabhálacha.

Is tríd an Suirbhé Bliantúil Dobharshaothraithe ó BIM a bhailítear sonraí dobharshaothraithe.

Is tríd an gCreat um Bailiú Sonraí a bhailítear sonraí próiseála, agus is í an Phríomh-Oifig Staidrimh a sholáthraíonn sonraí eacnamaíocha.

Is bunaithe ar shonraí a fhoinsítear ó Bureau van Dijk Orbis atá fostaíocht agus láimhdeachas measta na hearnála teicneolaíochta uisce.

Is ó Dhaonáireamh 2022 ón bPríomh-Oifig Staidrimh, www.cso.ie, a fhoinsítear sonraí daonra.

Is é BIM a mheasann staitisticí daonra agus fostaíochta bia mara trí úsáid a bhaint as sonraí Dhaonáireamh 2022 ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus as sonraí an tSuirbhé Náisiúnta Bia Mara ó BIM.

Is é BIM a bhailíonn sonraí faoi fhostaíocht san earnáil bia mara trí úsáid a bhaint as an gCreat um Bailiú Sonraí.

Is é KANTAR a sholáthair sonraí, figiúirí agus faisnéis miondíola.

Is é BIM a mheasann tomhaltas seirbhísí bia trí úsáid a bhaint as na sonraí atá sa doiciméad 'Irish Foodservice Channel Insights' ó Bhord Bia.

Tá buainteoirí feamainne fiáine ar áireamh san fhostaíocht iomlán próiseála.

Is é EUROSTAT a sholáthraíonn sonraí Allmhairiúcháin agus Onnmhairiúcháin trí IHS Markit.

Is ó na Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Sheirbhísí Poiblí Rialtas na hÉireann a fhoinsítear sonraí faoi infheistíocht ón Rialtas.

Is ó Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh a fhoinsítear sonraí faoi chuótaí.

Tabhair faoi deara gur slánaíodh roinnt figiúirí chun críocha an fhoilseacháin seo.


Áirítear leis na sonraí a úsáidtear san fhoilseachán seo sonraí sealadacha ar féidir go nuashonrófar iad le linn na bliana.

Féach na foinsí sonraí atá luaite thuas chun teacht ar na sonraí bunaidh agus nuashonraithe.

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí



Ireland's Seafood Development Agency

@BordIascMhara
**www.bim.ie**